V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11088 — LIBERTY GLOBAL / MEDIAHUIS / NRJ GROUP / VLAANDEREN EEN)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 190/14)

1. An 16 Bealtaine 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Liberty Global Plc ('Liberty Global', an Ríocht Aontaithe),

— Mediahuis NV ('Mediahuis', an Bheilg),

— NRJ Group SA ('NRJ', an Fhrainc),

— Vlaanderen Eén NV ('Vlaanderen Eén', an Bheilg).

Gheobhaidh Liberty Global, Mediahuis agus NRJ rialú comhpháirteach ar Vlaanderen Eén de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Liberty Global: cuideachta idirnáisiúnta cóineasaithe um sheirbhísí idirlín leathanbhanda, físeán, teileafónaíochta líne fosaithe agus cumarsáide móibílí i roinnt Ballstát, lena n-áirítear trí Telenet sa Bheilg agus i Lucsamburg. Is soláthraí seirbhísí teileachumarsáide miondíola é Telenet, agus is máthairghnóthas an chraoltóra teilifíse Play Media é (na cainéil PLAY4, PLAY5, PLAY6 agus PLAY7),

— Mediahuis: príomhghrúpa meán sa Bheilg, san Ísiltír, in Éirinn, i Lucsamburg agus sa Ghearmáin,

— NRJ Group: grúpa meán príobháideach atá gníomhach go príomha sa Fhrainc, i réimsí na heagarthóireachta, an léiriúcháin, na n-imeachtaí, na craoltóireachta teilifíse agus raidió agus an díolacháin meán cumarsáide.

— Vlaanderen Eén: craoltóir tráchtála a oibríonn Nostalgie Vlaanderen, cainéal raidió tráchtála Ollainnise a bhfuil rochtain ar mhinicíochtaí FM aige a chuireann ar a chumas críoch iomlán an phobail Phléimeannaigh sa Bheilg a chumhdach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [2], ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11088 — LIBERTY GLOBAL / MEDIAHUIS / NRJ GROUP / VLAANDEREN EEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

---

[2] IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.